An Roinn Oideachais
agus Scileanna

# Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí

# An Clár Ábhar


leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

leathanach 4 **Réasúnaíocht**

leathanach 5 **Aidhm**

leathanach 6 **Forbhreathnú: Naisc**

leathanach 9 **Forbhreathnú: Cúrsa**

leathanach 13 **Ionchais maidir le scoláirí**

leathanach 17 **Measúnú agus tuairisciú**

leathanach 21 **Aguisín A**

Gluais téarmaí a mbaintear úsáid astu i sonraíocht an Oideachais Reiligiúin

leathanach 23 **Aguisín B**

Gluais de bhriathra gnímh

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar eispéiris a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Eispéiris d'ardchaighdeán iad seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht, nuálaíocht agus fiontar. I gclár shraith shóisearach an fhoghlaimeora tógtar ar a bhfuil foghlamtha aige cheana, tugtar tacaíocht do chur chun cinn a chuid foghlama, agus tacaítear leis chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Cuireann an tOideachas Reiligiúin forbairt iomlánaíoch an scoláire chun cinn. Éascaítear forbairt intleachtúil, shóisialta, mhothúchánach, spioradálta agus mhorálta an scoláire. Tugann an tOideachas Reiligiúin spás ar leith don scoláire le dul i ngleic leis na ceisteanna is doimhne agus is bunúsaí faoin saol, faoi bhrí agus faoi chaidrimh, agus tugtar spás dó chun na ceisteanna sin a phlé. Spreagann sé an scoláire le machnamh a dhéanamh, le ceisteanna a chur, le léirmheas agus léirmhíniú a dhéanamh agus le léargas ar an saol a lorg dó féin. Spreagtar agus tacaítear le taithí an scoláire féin agus é ag iarraidh brí a bhaint as go leanúnach.

Tacaíonn an tOideachas Reiligiúin leis an scoláire trí chabhair a thabhairt dó leis an gcaoi ina léirítear creidimh reiligiúnacha agus creidimh eile a fhiosrú; le dul i ngleic le ceisteanna móra an tsaoil; le machnamh a dhéanamh ar luachanna morálta don saol.

De réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire conas maireachtáil i ndomhan atá ag éirí níos mó agus níos mó iolraíche an t-am ar fad, tá ról ríthábhachtach ag an Oideachas Reiligiúin sa churaclam chun deiseanna a chur ar fáil don scoláire le machnamh a dhéanamh ar an éagsúlacht creideamh reiligiúnach atá in Éirinn agus in áiteanna eile, chun feasacht a fháil ar na tuiscintí difriúla ar Dhia atá ann, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar léirmhínithe eile ar an saol. Spreagtar meas agus tuiscint maidir le creidimh, tuairimí agus modhanna saoil éagsúla, lena n-áirítear an fhreagairt reiligiúnach agus neamhreiligiúnach ar an saol araon.

D'imir eachtraí stairiúla tionchar ar reiligiún agus a mhalairt, rud atá fós ag tarlú sa lá atá inniu ann. Faigheann an scoláire creat tábhachtach ón Oideachas Reiligiúin chun tuiscint a fháil ar eachtraí, ar ghníomhaíochtaí agus ar chreidimh ón am atá thart agus ón lá inniu, agus ar a dtionchar i gcomhthéacs shaol na ndaoine. Cuireann sé tuiscint faoin reiligiúin chun cinn gur rud dinimiciúil, atá éagsúil go hinmheánach agus atá ag síorathrú thar am atá ann. Sa chomhthéacs Éireannach, tugann Oideachas Reiligiúin deis don scoláire tuiscint a fhorbairt maidir leis an gcaoi inar chuir reiligiúin éagsúla, agus an Chríostaíocht go háirithe, leis an tsochaí ina mairimid.

Bíonn go leor imní ar dhaoine sa lá atá inniu ann, agus go minic bíonn gá le freagairt eiticiúil. Tá ról tábhachtach ag an Oideachas Reiligiúin chun an scoláire a spreagadh le dul i ngleic go tomhaiste le córais chreidimh agus prionsabail a bhaineann le hiompar morálta a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn faoi chinntí.

Cabhraíonn an tOideachas Reiligiúin le heolas, tuiscint, scileanna, dearcadh agus luachanna a thabhairt don scoláire a thacóidh leis ina aistear saoil agus lena gcuirfear ar a chumas páirt a ghlacadh ina phobal agus sa domhan mór mar bhall eolach, urramach, freagrach agus tuisceanach den tsochaí.

# Aidhm

Dírítear san Oideachas Reiligiúin ar eolas, tuiscint, scileanna, dearcadh agus luachanna a fhorbairt chun cur ar chumas an aosa óig tuiscint a fháil ar reiligiún agus ar a ábharthacht sa saol, i gcaidrimh, sa tsochaí agus sa domhan trí chéile. Tá sé mar aidhm aige cumas an scoláire a fhorbairt chun ceisteanna faoi bhrí, cuspóir agus caidrimh a fhiosrú, cabhair a tabhairt dó chun tuiscint, meas agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi ina léiríonn daoine cibé creideamh atá acu, agus éascú a dhéanamh ar dhialóg agus machnamh faoin éagsúlacht creidimh agus luachanna atá mar bhonn faoi chinnteoireacht fhreagrach agus modhanna maireachtála.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhfuil Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí nasctha le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## Na ráitis foghlama

TÁBLA 1: NAISC IDIR OIDEACHAS REILIGIÚIN NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA RÁITIS FOGHLAMA

| An ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ábhartha |
|---|---|
| RF 3: Déanann an scoláire réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheas agus a léirmhíniú go criticiúil[1] | Rachaidh an scoláire i ngleic le réimse leathan téacsanna i bhfoirmeacha reacaireachta agus aeistéitiúla agus déanfaidh sé an bhrí a thugann daoine do théacsanna reiligiúnacha áirithe a fhiosrú. |
| RF 5: Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar an bpróiseas chun cinnteoireacht ar bhonn morálta a dhéanamh. | Déanfaidh an scoláire na luachanna atá mar bhonn ag cinntí morálta a shainaithint agus gheobhaidh sé tuiscint ar an gcaoi ina n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta ina shaol féin agus i saol daoine eile. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | Déanfaidh an scoláire taighde ar na pobail chreidimh éagsúla in Éirinn sa lá atá inniu ann agus déanfaidh sé imscrúdú chomh maith ar an gcaoi inar chuir an Chríostaíocht le cultúr agus oidhreacht na hÉireann. |
| RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. | Foghlaimeoidh an scoláire faoi fhadhbanna a bhaineann leis agus leis an domhan trí chéile agus tabharfar dúshlán dó machnamh a dhéanamh faoin gcaoi inar féidir lena fhreagairt i gcomhthéacs áitiúil agus comhthéacs níos leithne cur le domhain níos córa agus níos inbhuanaithe. |
| RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú. | Foghlaimeoidh an scoláire faoin gcaoi ar tháinig athrú ar thraidisiúin agus ar chreidimh reiligiúnacha le himeacht ama agus déanfaidh sé machnamh ar thionchar an reiligiúin ar eachtraí, ar dhaoine agus ar an tsochaí agus a mhalairt. |
| RF 11: Gníomhaíonn an scoláire chun a leas féin agus leas daoine eile a chosaint agus a chothú. | Déanfaidh an scoláire machnamh faoin tionchar a imríonn a luachanna, a chinntí agus a ghníomhaíochtaí ar a fholláine féin agus ar fholláine daoine eile, agus ar an Domhan trí chéile. |

[1]Tagraíonn 'téacsanna' do théacsanna scríofa, fuaime, ceoil, tadhaill, leictreonacha agus digiteacha.

## Príomhscileanna

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Léiríonn Fíor 1 thíos príomhscileanna na sraithe sóisearaí. Tá deiseanna ann chun tacú leis na príomhscileanna uile sa chúrsa seo ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo.

**FÍOR 1: PRÍOMHSCILEANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ**



Sainítear ar Thábla 2 roinnt de na gnéithe a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama in Oideachas Reiligiúin. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

### TÁBLA 2: NAISC IDIR OIDEACHAS REILIGIÚIN NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA PRÍOMHSCILEANNA

| An phríomhscil | Sampla de ghné na príomhscile | Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Ag samhlú | Déanfaidh an scoláire bealaí a shamhlú lena bhféadfadh sé a bheith ina fhórsa don mhaitheas agus gheobhaidh sé spreagadh ó scéalta a roinnt faoi dhaoine a bhfuil deimhneacht, samhlaíocht agus misneach acu. |
| A bheith liteartha | Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha | Beidh teacht ag an scoláire ar théacsanna ó bhéal, scríofa agus ilmhódacha, agus rachaidh sé i ngleic leo chun creidimh agus traidisiúin reiligiúnacha éagsúla a fhiosrú agus chun litearthacht reiligiúnach a fhorbairt. |
| A bheith uimheartha | Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil | Déanfaidh an scoláire patrúin agus treochtaí a imríonn tionchar ar chreidimh agus luachanna a fhiosrú agus rachaidh sé i ngleic leis na sonraí chun eolas a fháil faoi éagsúlacht na gcreideamh reiligiúnach atá in Éirinn faoi láthair. |
| Cumarsáid | Éisteacht agus mé féin a chur in iúl | Foghlaimeoidh an scoláire conas éisteacht go gníomhach agus go hurramach le peirspictíochtaí agus creidimh éagsúla, agus conas tuairimí, mothúcháin agus creidimh a chur in iúl go cuí. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | A bheith fiosrach | Trí ghníomhaíochtaí sa seomra ranga agus taighde, foghlaimeoidh an scoláire conas ceisteanna a chur agus conas fiosrú níos doimhne a dhéanamh d'fhonn eolas agus tuiscintí faoi reiligiún agus creidimh a fháil. |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne orm féin | Trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sa seomra ranga, gheobhaidh an scoláire feasacht ar an gcaoi inar imríodh tionchar ar a chreidimh, a thuiscintí, a luachanna agus a chinntí. |
| Fanacht folláin | A bheith spioradálta | De réir mar a théann an scoláire i ngleic le ceisteanna móra an tsaoil beidh sé ag teacht ar fheasacht níos fearr ar an saol, tuiscint a bheidh bunaithe ar bhrí, cuspóir agus cóngas. |
| Obair le daoine eile | Meas a bheith agam | Trí dhíospóireacht agus obair i ngrúpaí déanfaidh an scoláire dearcadh éagsúil agus taithí éagsúil a mheas agus foghlaimeoidh sé go gcaithfidh meas a bheith aige ar éagsúlacht mar fhoinse foghlama agus saibhrithe. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

Tá an tsonraíocht d'Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar thrí shnáithe idirnasctha: **Ceisteanna a fhiosrú**, **Creidimh a chur in iúl**, agus **Ár luachanna i mbun gnímh.**

FÍOR 2: SNÁITHEANNA OIDEACHAS REILIGIÚIN NA SRAITHE SÓISEARAÍ




## Creidimh a chur in iúl:

Faoin snáithe seo forbrófar cumas an scoláire chun tuiscint, meas agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi inar cuireadh creidimh daoine in iúl san am atá thart agus sa lá atá inniu ann trí stíl mhaireachtála, cultúr, nósanna agus deasghnátha, forbairt phobail, gníomhú sóisialta agus modhanna maireachtála. Cuirtear ar chumas an scoláire léirthuiscint a fháil faoin gcaoi ina maireann daoine bunaithe ar a gcreidimh éagsúla—creidimh reiligiúnacha nó creidimh de chineálacha eile. Dírítear chomh maith ar thuiscint agus meas a chothú don éagsúlacht i ngach reiligiún.

## Ceisteanna a fhiosrú:

Faoin snáithe seo cuirtear ar chumas an scoláire fiosrú a dhéanamh ar roinnt de na ceisteanna faoi bhrí, cuspóir agus creidimh a mbíonn daoine ag machnamh orthu. Foghlaimeoidh sé faoin bhfreagairt ar na ceisteanna sin a bhíonn ag daoine ag a bhfuil creidimh reiligiúnacha éagsúla agus tuiscintí éagsúla ar an saol. Dírítear ar eolas, tuiscint, scileanna, tuairimí agus luachanna an scoláire a fhorbairt ionas go mbeidh sé ábalta na ceisteanna móra seo a fhiosrú, a léirmhíniú agus a anailísiú, agus machnamh a dhéanamh orthu trí dhialóg a dhéanamh le chéile.

## Ár luachanna i mbun gnímh:

Faoin snáithe seo dírítear ar an scoláire a chumasú le go mbeidh sé in ann na luachanna taobh thiar de ghníomhartha a thuiscint agus machnamh a dhéanamh ina leith. Dírítear ar é a chumasú chomh maith le haithint a thabhairt ar an gcaoi ina n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta ina shaol féin agus i saol daoine eile bunaithe ar luachanna agus/nó creidimh áirithe. Cuirtear ar chumas an scoláire chomh maith a bheith páirteach i ndíospóireacht eolach maidir le ceisteanna morálta agus le tuairimí, luachanna agus creidimh a chur trasna agus a mhíniú le meas.

Tá roinnt gnéithe idirnasctha mar bhonn taca ag na trí shnáithe:

- Fiosrúchán
- Fiosrú
- Machnamh agus gníomh

Leis na gnéithe seo déantar cur síos ar thacar scileanna agus ar chur chuige foghlama atá tábhachtach don Oideachas Reiligiúin.

## Fiosrúchán

Baineann an ghné seo le fiosracht an scoláire a spreagadh chun é a chur ag machnamh faoi ábhar nó ceist. Trí phróiseas fiosrúcháin, téann an scoláire i ngleic le réimse ábhar spreagthach chun eolas a nochtadh maidir leis na smaointí, fíricí, íomhánna agus tuairimí a bhaineann le hábhar nó ceist.

## Fiosrú

Baineann an ghné seo le mionscrúdú a dhéanamh ar ábhar nó ar cheist, ag ceistiú, ag fiosrú, ag plé, ag éisteacht, ag samhlú, ag léirmhíniú agus ag teacht ar chonclúidí, ar mhaithe le rudaí a thabhairt chun solais. Chomh maith leis sin, dírítear ar dhialóg a spreagadh agus ar léirthuiscint a fháil ar an éagsúlacht léirmhínithe agus freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann.

## Machnamh agus gníomh

Faoin ngné seo dírítear ar mhachnamh an scoláire ar a bhfuil foghlamtha aige, agus ar a thaithí féin leis an gceist, agus/nó ar a fhreagairt uirthi. Spreagtar an scoláire chun fiosrú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha aige d'fhonn tuiscint agus léargas níos doimhne a fháil. Chomh maith leis sin cumasaítear an scoláire chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina mbaineann a bhfuil foghlamtha aige lena shaol, agus/nó le saol daoine eile, agus spreagtar saoránacht ghníomhach fhreagrach mar thoradh air sin.

**TÁBLA 3: SAINTRÉITH CHOMHTHÁITE NA FOGHLAMA I SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE AN OIDEACHAIS REILIGIÚIN**

| 1.Creidimh a chur in iúl | 2.Ceisteanna a fhiosrú | 3.Ár luachana i mbun gnímh |
|---|---|---|
| | Fiosrúchán | |
| | Fiosrú | |
| | Machnamh agus gníomh | |

Dearadh Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí le haghaidh íosmhéid 200 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Socrófar na Measúnuithe Rangbhunaithe ag leibhéal comónta agus beidh an scrúdú deireanach, a mheasfar go seachtrach, ag leibhéal comónta.

Tugann an tsonraíocht saoirse don mhúinteoir chun an fhoghlaim a éascú ar bhealach a léiríonn roghanna, fiosracht agus creidimh an scoláire féin. Ag oibriú leis an tsonraíocht seo, déanfaidh an múinteoir eispéiris fhoghlamtha ábhartha a phleanáil, ar eispéiris iad a bheidh scoláirí ó réimse cúlraí, creidimh agus a bhfuil dearcadh éagsúil ar an domhain acu in ann dul i ngleic leo. Agus na torthaí foghlama á n-úsáid, ba cheart don mhúinteoir foghlaim chuimsitheach tharraingteach a phleanáil a fhreagraíonn do shuimeanna agus ceisteanna an scoláire. Cé go bhféadfadh sé go mbainfidh scoláire leas as a thaithí féin i scrúdú, ní dhéanfar measúnú ar a dhílseacht phearsanta don chreideamh agus/nó ar a pháirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe.

Ba cheart go gcuirfí ar chumas gach scoláire, an scoláire ag a bhfuil riachtanas fisiciúil nó foghlamtha áirithe san áireamh, rannpháirtíocht a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlamtha an Oideachais Reiligiúin i dteannta a chomhscoláirí ag an leibhéal cuí agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais sláinte agus sábháilteachta.

## Dul chun cinn ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach

### CURACLAM NA BUNSCOILE

Tá Oideachas Reiligiúin (OR) ar cheann de na seacht réimse curaclaim i gCuraclam na Bunscoile 1999. Sa churaclam seo luadh go luíonn an fhreagracht maidir le clár OR a sholáthar leis na pátrúin reiligiúnacha agus ní leis an Stát. Dá bhrí sin, ní ann d'aon churaclam stáit maidir le OR a mhúineadh sna bunscoileanna trí chéile. Ina ionad sin, i gCuraclam na Bunscoile aithnítear cearta na n-údarás eaglaise éagsúil le curaclaim a dhearadh sa réimse seo den bhunoideachas dá scoileanna agus le maoirseacht a dhéanamh ar mhúineadh agus ar chur chun feidhme na gcuraclam sin (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta [ROE], 1999, lch 58). Agus modhanna nua pátrúnachta á bhforbairt, roinnt acu nach bhfuil aon cheangal eaglaise acu, déantar tagairt in amanna sna scoileanna seo do chlár an phátrúin, ina dtugtar aghaidh ar cheisteanna eiticiúla, spioradálta agus timpeallachta.

I gCuraclam na Bunscoile 1999, áfach, luaitear go gcuirtear an tábhacht a bhaineann le forbairt spioradálta an pháiste in iúl trí fhairsinge na n-eispéireas foghlamtha agus trí bhaint a bheith ag an bpáiste le fearainn aeistéitiúla agus mhothaitheacha na foghlama. (ROE, 1999, lch 27) Faoin gcuraclam déantar iarracht tacú le forbairt spioradálta agus mhorálta an pháiste i réimsí éagsúla sa churaclam, an réimse um Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) san áireamh. Faoin réimse seo cuirtear deiseanna ar fáil don pháiste chun tuiscint agus cúram a fhorbairt i dtaca leis na daoine ina phobal áitiúil agus níos faide i gcéin. Cé nach ann d'aon churaclam stáit i dtaca le hoideachas reiligiúin do gach bunscoil, d'fhéadfadh sé go gcuirfí deiseanna ar fáil le hOideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí chun cur leis an bhfoghlaim a rinneadh ag an mbunleibhéal agus chun í a dhoimhniú.

## AN TSRAITH SHINSEARACH

Tá naisc láidre idir cuspóirí Shiollabas Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta agus na cuspóirí atá leagtha amach i sonraíocht Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí. Go suntasach, leagtar béim láidir ar ghlacadh ról 'an cheistitheora chriticiúil agus ról an chuardaitheora mhachnamhaigh' ag an scoláire in Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta, ag cur leis an gcur chuige a tógadh leis an scoláire a ghlac páirt in Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí. Ina theannta sin, ullmhaíonn Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí an scoláire a leanann ar aghaidh agus a roghnaíonn an tOideachas Reiligiúin a dhéanamh mar chuid den Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Téann an scoláire i ngleic le ceisteanna spéise agus brí don Oideachas Reiligiúin ATF, agus tugtar deis dó na ceiseanna sin a fhiosrú, a anailísiú, a thuiscint, a léirmhíniú, agus machnamh a dhéanamh ina leith.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Nuair a bheidh múinteoirí, scoláirí nó tuismitheoirí ag scrollú síos trí na torthaí foghlama, beidh nasc ar fáil uaireanta le samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama. Roghnófar na samplaí de shaothar scoláirí chun ionchais a léiriú agus beidh tráchtanna múinteoirí leo. Cuimseoidh na samplaí seo obair:

- Thar barr ar fad
- Os cionn na n-ionchas
- Atá ag teacht leis na hionchais.

Is é an cuspóir atá leis na samplaí de shaothar scoláirí go dtaispeánfar iontu a oiread atá na torthaí foghlama á mbaint amach i bhfíorchásanna.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna, ar na meonta agus ar na luachanna ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an Oideachas Reiligiúin sa tsraith shóisearach. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire.

Faoi mar atá na torthaí foghlama leagtha amach anseo léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na dtrí bliana staidéir. Dá bhrí sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith 'curtha i gcrích' fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire san Oideachas Reiligiúin go dtí deireadh na sraithe sóisearaí.

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora ar an gcéad dul síos agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin. Tá go leor de na torthaí foghlama idirnasctha thar na snáitheanna agus dá bhrí sin moltar cur chuige pleanála neamhlíneach, ionas gur féidir nascálacha thar na foghlama a dhéanamh.

## Snáithe 1: Creidimh a chur in iúl

Faoin ngné **Creidimh a chur in iúl** déantar cumas an scoláire chun tuiscint, meas agus léirthuiscint a fhorbairt maidir leis an gcaoi inar chuir daoine a gcreideamh in iúl ina stíl mhaireachtála, ina gcultúr, ina nósanna agus ina ndeasghnátha, i bhforbairt phobail, ina ngníomhaíochtaí sóisialta agus ina modh maireachtála san am atá thart, agus sa lá atá inniu ann. Cuirtear ar chumas an scoláire léirthuiscint a fháil faoin gcaoi ina maireann daoine bunaithe ar a gcreidimh éagsúla—creidimh reiligiúnacha nó creidimh de chineálacha eile. Dírítear chomh maith ar thuiscint agus meas a chothú don éagsúlacht i ngach reiligiún.

Tá na trí ghné, **fiosrúchán**, **fiosrú** agus **machnamh agus gníomh**, fite fuaite sna torthaí foghlama go léir, chuig céimeanna éagsúla.

**1.Creidimh a chur in iúl**

Fiosrúchán

Fiosrú

Machnamh agus gníomh

**Torthaí foghlama**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

1.1 príomhchreidimh reiligiúnacha na dtrí mhór-reiligiún dhomhanda atá in Éirinn sa lá atá inniu ann a chur i láthair

1.2 iniúchadh a dhéanamh ar dhá phobal creidimh a bhfuil láithreacht nach beag acu ina cheantar/réigiún féin (ní mór go mbeadh baint ag na pobail chreidimh a roghnaítear le dhá cheann de na cúig mhór-reiligiún domhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht)

1.3 dul i ngleic le baill de phobal creidimh a bhfuil baint aige le ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ndéantar staidéar orthu faoin tsonraíocht agus léirthuiscint a thaispeáint maidir leis an gcaoi ina n-imríonn creidimh reiligiúnacha an phobail tionchar ar shaol na mball ó lá go lá

1.4 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi inar chuir an Chríostaíocht le cultúr agus oidhreacht na hÉireann

1.5 fiosrú a dhéanamh ar théamaí reiligiúnacha i gcultúr na linne seo san ealaín, i gceol, i litríocht nó i scannáin

1.6 scrúdú a dhéanamh agus léirthuiscint a fháil ar an gcaoi ina gcuireann daoine creideamh reiligiúnach in iúl i ndeasghnátha, in ionaid adhartha foirmeálta agus in ionaid bheannaithe eile

1.7 plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le deasghnátha neamhreiligiúnacha agus ceiliúradh neamhreiligiúnach i saol daoine

1.8 cur síos a dhéanamh ar ról na paidreoireachta i saol daoine a bhfuil creideamh acu

1.9 míniú a dhéanamh ar céard a bhí i gceist le téacs beannaithe áirithe[2] a fhorbairt laistigh de mhór-reiligiún domhanda agus machnamh a dhéanamh ar an tábhacht atá leis i gcónaí i saol na ndaoine a bhfuil an creideamh sin acu

1.10 plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le dialóg agus caidreamh idir mór-reiligiúin dhomhanda agus laistigh díobh chun síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn ar fud an domhain sa lá atá inniu ann

1.11 taighde a dhéanamh faoi eagraíochtaí reiligiúnacha nó eagraíochtaí eile, a bhíonn ag obair ag an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta chun ceartas, síocháin agus athmhuintearas a chur chun cinn agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil an obair atá ar bun acu ag cur a bhfís bhunaidh in iúl

1.12 tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina gcuireann daoine a gcreidimh, bíodh sin creidimh reiligiúnacha nó eile, in iúl agus ina bhfuil na creidimh sin le feiceáil ina saol, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin

[2] Mar atá leagtha amach sa ghluais

## Snáithe 2: Ceisteanna a fhiosrú

Faoin snáithe **Ceisteanna a fhiosrú** cuirtear ar chumas an scoláire fiosrú a dhéanamh ar roinnt de na ceisteanna a bhaineann le brí, cuspóir agus creidimh a mbíonn daoine ag machnamh orthu. Foghlaimíonn sé faoin bhfreagairt ar na ceisteanna seo a bhíonn ag daoine ag a bhfuil creidimh reiligiúnacha éagsúla agus tuiscintí éagsúla ar an saol. Dírítear ar eolas, tuiscint, scileanna, tuairimí agus luachanna an scoláire a fhorbairt ionas go mbeidh sé ábalta na ceisteanna móra seo a fhiosrú, a léirmhíniú agus a anailísiú, agus machnamh a dhéanamh orthu trí dhialóg a dhéanamh le chéile.

Tá na trí ghné, **fiosrúchán**, **fiosrú** agus **machnamh agus gníomh**, fite fuaite sna torthaí foghlama go léir, chuig céimeanna éagsúla.

**2.Ceisteanna a fhiosrú**

**Fiosrúchán**

**Fiosrú**

**Machnamh agus gníomh**

**Torthaí foghlama**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

2.1 taighde a dhéanamh ar fhianaise ealaíonta, ailtireachta nó sheandálaíochta a léiríonn bealaí ina ndearna daoine iarracht brí agus cuspóir a thabhairt dá saol

2.2 machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ina ndeachaigh mór-reiligiún domhanda amháin agus dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan i ngleic leis na ceisteanna móra faoin saol, amhail, cén fáth go bhfuilimid anseo? Conas ba cheart dúinn maireachtáil? Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?

2.3 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ina gcuireann insintí/scéalta éagsúla, idir insintí/scéalta reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha, tuiscint ar an domhan/an dúlra in iúl, agus machnamh a dhéanamh ar an mbrí agus ar an ábharthacht a bhaineann leo sa lá atá inniu ann

2.4 taighde a dhéanamh ar an Diagacht mar a chuirtear i láthair í in dhá mhór-reiligiún dhomhanda, agus an taighde sin a chur i láthair, ag tarraingt ó fhoinsí i dtéacsanna beannaithe agus/nó foinsí údarásacha eile

2.5 beathaisnéis a chruthú faoi bhunaitheoir nó luathleantóirí de chuid mór-reiligiúin dhomhanda, ag baint úsáide as foinsí eolais reiligiúnacha agus stairiúla

2.6 amlíne a chur le chéile maidir le mór-reiligiún domhanda amháin, ag déanamh tagairt do dhaoine tábhachtacha, tréimhsí a raibh borradh faoi agus tréimhsí dúshlánacha

2.7 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ina dtéann teagasc reiligiúnach de chuid mór-reiligiúin dhomhanda amháin i ngleic le ceist ar ábhar buartha í don domhan faoi láthair

2.8 scéalta daoine aonaracha nó grúpaí daoine a chur i láthair ó stair dhá cheann de mhór-reiligiúin an domhain a raibh tionchar dearfach acu ar shaol daoine mar gheall ar an tiomantas a bhí acu maireachtáil de réir a gcreideamh

2.9 cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfadh athrú teacht ar chreideamh duine ag pointí áirithe le linn a shaoil

2.10 tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear faoin gcaoi ina dtéann daoine ag a bhfuil creidimh reiligiúnacha agus tuiscintí difriúla ar an saol i ngleic le ceisteanna maidir le brí, cuspóir agus caidrimh, agus machnamh a dhéanamh ar an léargas sin

## Snáithe 3: Ár luachanna i mbun gnímh

Faoin snáithe **Ár luachanna i mbun gnímh** dírítear ar an scoláire a chumasú chun tuiscint a fháil ar na gnásanna agus ar na luachanna taobh thiar de ghníomhartha, agus machnamh a dhéanamh maidir leo. Chomh maith leis sin, cumasaítear é chun an chaoi ina n-oibríonn cinnteoireacht mhorálta, bunaithe ar luachanna agus/nó creidimh áirithe, ina shaol féin agus i saol daoine eile a shainaithint. Cuirtear ar chumas an scoláire chomh maith a bheith páirteach i ndíospóireacht eolach faoi cheisteanna morálta agus tuairimí agus creidimh a chur trasna agus a mhíniú le meas.

Tá na trí ghné, **fiosrúchán**, **fiosrú** agus **machnamh agus gníomh**, fite fuaite sna torthaí foghlama go léir, chuig céimeanna éagsúla.

| 3.Ár luachana i mbun gnímh |
|---|
| Fiosrúchán |
| Fiosrú |
| Machnamh agus gníomh |

**Torthaí foghlama**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

3.1 scrúdú a dhéanamh ar fhoinsí difriúla luachanna agus ar na bealaí difriúla ina n-imríonn luachanna duine tionchar ar roghanna laethúla, ar chaidrimh, agus ar fhreagracht an duine as daoine eile

3.2 machnamh agus plé a dhéanamh faoi cad atá i gceist le moráltacht, faoin bhfáth go gcaithfidh daoine atá ina gcónaí sa tsochaí a bheith morálta agus faoi na tionchair agus na foinsí údaráis taobh thiar de chinnteoireacht mhorálta duine

3.3 scrúdú a dhéanamh ar chód morálta dhá cheann de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda agus plé a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfadh gach cód tionchar a imirt ar chinnteoireacht mhorálta leantóirí

3.4 iniúchadh a dhéanamh maidir le cad is brí le saol atá go maith ó thaobh na moráltachta de a leanúint ag déanamh tagairt do dhá mhór-reiligiún dhomhanda agus iad a chur i gcomparáid le dearcadh neamhreiligiúnach ar an domhan

3.5 scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le próiseas cinnteoireachta mhorálta cabhrú le duine chun cinneadh idir ceart agus mícheart a dhéanamh i ngnáthchásanna laethúla

3.6 díospóireacht a dhéanamh faoi shaincheist mhorálta a thagann chun cinn ina shaol féin agus machnamh a dhéanamh faoi na cúiseanna taobh thiar de dhá dhearcadh éagsúla ar an gceist

3.7 taighde a dhéanamh ar an tuiscint atá ag dhá mhór-reiligiún dhomhanda ar chomhbhá, ceartas, síocháin agus athmhuintearas agus ar na bealaí ina bhfuil an tuiscint sin le sonrú

3.8 míniú a thabhairt faoin gcaoi ina gcuireann an tuiscint atá ag mór-reiligiún domhanda amháin ar chúram a thabhairt don domhan le folláine gach duine ar fud na cruinne agus plé a dhéanamh maidir le hábharthacht na tuisceana sin sa lá atá inniu ann

3.9 tarraingt le chéile a dhéanamh ar an léargas a fhaightear ar na gnásanna, luachanna agus prionsabail taobh thiar de chinnteoireacht agus gníomhartha i saol daoine, agus machnamh a dhéanamh maidir leis an léargas sin

# Measúnú agus tuairisciú

Baineann measúnú san oideachas le heolas faoi phróisis agus faoi thorthaí na foghlama a bhailiú, a léirmhíniú agus a úsáid. Tá cineálacha éagsúla ann agus is féidir é a úsáid ar bhealaí éagsúla, amhail gnóthachtáil a thaifead agus a thuairisciú, na bealaí cuí chun foghlaimeoirí a thabhairt trí churaclam difreálach a shocrú, nó chun réimsí deacrachta nó láidreachta ar leith d'fhoghlaimeoir áirithe a shainaithint. Cé gur féidir teicnící difriúla a úsáid chun measúnú foirmitheach, diagnóiseach agus suimitheach a dhéanamh, dírítear an measúnú agus an tuairisciú ar fhoghlaim an scoláire a fheabhsú. Chuige sin, ní mór go léireodh sé aidhm an churaclaim go hiomlán.

Leagann an tsraith shóisearach an-bhéim ar mheasúnú mar chuid den phróiseas foghlama. Sa chur chuige sin, teastaíonn éagsúlacht sa mheasúnú chun a chinntiú go mbíonn an modh/na modhanna measúnaithe a roghnaítear oiriúnach don fheidhm, tráthúil agus ábhartha don scoláire. Sa mheasúnú in Oideachas Reiligiúin na sraithe sóisearaí, tapófar an deis don scoláire a bheith ina rannpháirtí machnamhach agus gníomhach ina chuid foghlama féin agus an deis dá réir a bheidh ag múinteoirí tacú leis sin. Tá sé sin ag brath ar dheiseanna a bheith á soláthar don fhoghlaimeoir chun dul i ngleic leis na critéir ratha faoina ndéanfar caighdeán a chuid oibre a mheas trí phiarmheasúnú, trí fhéinmheasúnú agus trí mheasúnú múinteora; agus braitheann sé ar chaighdeán an aiseolais dhírithe a fhaigheann sé chun cabhrú leis ina chuid foghlama.

Gné an-tábhachtach den mheasúnú ardchaighdeáin is ea aiseolas dírithe a thabhairt don scoláire ar a chuid foghlama agus is toisc lárnach í maidir le cumas an scoláire a fhorbairt chun a chuid foghlama féin a bhainistiú agus leis an scoláire a ghríosú le cloí le tasc casta nó le fadhb chasta. Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus nuair a dhíríonn an tuairisciú ní hamháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cinnteoidh an cur chuige sin go ndéanfar an measúnú chomh gar don phointe foghlama agus is féidir. Tá áit ann fós don mheasúnú deiridh, ach níl ann ach gné amháin de chur chuige níos leithne i leith an mheasúnaithe.

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Ba chóir léargas cuimsitheach ar fhoghlaim an scoláire a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Mar go nascfar an measúnú ranga agus measúnú eile le córas nua tuairiscithe, arb é bronnadh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí a bhuaicphointe, tabharfaidh sé léargas leathan soiléir do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar thuras foghlama a bpáiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí.

Chun tacú leis sin, beidh teacht ag múinteoirí agus ag scoileanna ar ábhar tacaíochta measúnaithe atá ar fáil ar líne. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), dírítear ar ábhar tacaíochta foghlama, teagaisc agus measúnaithe lena n-áirítear:

- measúnú foirmitheach
- pleanáil le haghaidh measúnú agus é a dhearadh
- measúnuithe leanúnacha le húsáid sa seomra ranga
- breithiúnas a thabhairt ar obair an scoláire – ag breathnú ar ionchais maidir le scoláirí agus ar ghnéithe cáilíochta

- tuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire
- smaoineamh faoin measúnú: smaointe, taighde agus machnamh
- gluais measúnaithe.

Áireofar san ábhar tacaíochta ar líne an réimse tacaí measúnaithe, comhairle agus treoirlínte a chuireann ar chumas scoileanna agus múinteoirí tabhairt faoin gcóras nua measúnaithe agus faoi na socruithe tuairiscithe ar bhealach eolach, le muinín agus le cinnteacht.

## Measúnú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Cuimseoidh an measúnú ar an Oideachas Reiligiúin le haghaidh Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí dhá Mheasúnú Rangbhunaithe, *Duine tiomanta agus Sa tóir ar bhrí na beatha*, agus scrúdú deiridh. Chomh maith leis sin, cuireann an scoláire Tasc Measúnaithe scríofa i gcrích a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, agus cuirtear faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit é lena mharcáil i dteannta an scrúdaithe deiridh.

### RÉASÚNAÍOCHT DO NA MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE IN OIDEACHAS REILIGIÚIN

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sna measúnuithe sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht. Tá na Measúnuithe Rangbhunaithe cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá i ngach rang. Mar sin féin, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe, breactar síos breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe le hathbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair, agus ar mhaithe le tuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Bainfidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le hobair an scoláire le linn an dara agus an tríú bliain d'oideachas na sraithe sóisearaí.

Tá nasc idir na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na tosaíochtaí don fhoghlaim agus don teagasc in Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí. Dá bhrí sin, deartar na Measúnuithe Rangbhunaithe chun tacú le **fiosrúchán**, **fiosrú** agus **machnamh agus gníomh** an scoláire.

Agus é ag glacadh páirt i dtaithí foghlama fiúntach agus praiticiúil a bhfuil spéis phearsanta aige ann, agus a bhaineann leis, trí na Measúnuithe Rangbhunaithe gheobhaidh an scoláire na deiseanna seo a leanas:

- taighde a dhéanamh ar ábhar a bhfuil spéis aige ann
- teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun a chuid foghlama a fhoghlaim agus a chur i láthair
- anailísiú a dhéanamh ar fhaisnéis agus conclúidí agus léargas pearsanta a thabhairt chun solais
- foghlaim lasmuigh den seomra ranga a dhéanamh
- pleananna a shocrú, spriocanna a leagan síos agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aige chun a spriocanna a bhaint amach
- cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go héifeachtach
- comhoibriú le daoine eile ar thascanna
- machnamh pearsanta a dhéanamh ar a chuid foghlama

Trí na Measúnuithe Rangbhunaithe forbróidh an scoláire a chuid eolais, tuisceana, scileanna, tuairimí agus luachanna, agus ar an mbealach sin bainfidh sé amach réimse torthaí foghlama thar na snáitheanna.

## MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1

| Teideal | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | An measúnú a chur i gcrích |
|---|---|---|---|
| Duine tiomanta | Tuairisc aonair nó ghrúpa ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach | Thar thréimhse áirithe ama, déanfaidh an scoláire taighde ar dhuine ar imir a chreidimh reiligiúnacha nó a dhearcadh ar an domhan tionchar dearfach ar an saol ina thimpeall, san am atá thart nó sa lá atá inniu ann | I dtreo dheireadh an dara bliain |

## MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2

| Teideal | Leagan amach | Ullmhúchán an scoláire | An measúnú a chur i gcrích |
|---|---|---|---|
| Sa tóir ar bhrí na beatha not Toraiocht bhri an duine | Tuairisc aonair nó ghrúpa ar féidir í a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach | Thar thréimhse áirithe ama, déanfaidh an scoláire fianaise ealaíonta nó ailtireachta nó seandálaíochta a fhiosrú a thaispeánann bealaí ina ndeachaigh daoine i ngleic le creideamh reiligiúnach/sa tóir ar bhrí agus cuspóir na beatha. | Le linn an chéad téarma den tríú bliain |

Beidh sonraí níos mine faoi mheasúnú na Measúnuithe Rangbhunaithe ar fáil i dTreoirlínte Measúnaithe ar leith. Cuimseoidh sé sin, mar shampla, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh phíosaí oibre an scoláire, na gnéithe cáilíochta le cur i bhfeidhm i dtaca leis an measúnú, agus tacaíocht maidir le breithiúnas 'ar an iomlán' a dhéanamh i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

Tá ábhar acmhainne cuimsitheach le fáil i gcuid measúnaithe an tsuímh www.ncca.ie chomh maith, le húsáid agus le tagairt dó i measúnú leanúnach ranga ar Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí agus lena chois sin tugtar mionchuntas ar an bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Tasc Measúnaithe

Tabharfaidh an scoláire faoi Thasc Measúnaithe nuair a bheidh an dara Measúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích aige. Déanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit é a mharcáil agus tabharfar 10% de na marcanna a bheidh ar fáil ina leith.

Déanfar measúnú sa Tasc Measúnaithe ar ghnéithe éagsúla d'fhoghlaim an scoláire, lena n-áirítear an cumas atá aige machnamh a dhéanamh ar:

- eolas nó ar thuiscint nua a tháinig chun cinn le linn a thaithí dó an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh agus cad a chiallaíonn sin dó
- na scileanna, na tuiscintí agus na luachanna a d'fhorbair sé, agus an cumas atá aige iad a chur i bhfeidhm sa todhchaí
- na creidimh agus na tuiscintí a tháinig chun cinn le linn an Mheasúnaithe Rangbhunaithe agus ar an gcaoi ina gcabhróidh siad leis agus é ag dul i ngleic le dúshláin an tsaoil.

## An scrúdú deiridh

Beidh scrúdpháipéar amháin ann ag leibhéal comónta, a shocróidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Mairfidh an scrúdú dhá uair an chloig agus beidh sé ar siúl ag deireadh an tríú bliain. Le linn an mheasúnaithe sin, iarrfar ar an scoláire dul i ngleic le hábhar spreagtha, a thaispeáint go dtuigeann sé é, agus freagraí scríofa a thabhairt ina thaobh.

I mbliain áirithe ar bith, is éard a bheidh sna torthaí foghlama atá le measúnú sampla de na torthaí ábhartha ó na trí thábla de thorthaí foghlama atá leagtha amach sa tsonraíocht seo.

## Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Ceadaítear cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha sa tsonraíocht, bíodh sin mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, d'fhéadfaí socrú réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh an socrú, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

# Aguisín A: Gluais téarmaí a mbaintear úsáid astu i sonraíocht an Oideachais Reiligiúin

| | |
|---|---|
| **An Diagacht** | Sa tsonraíocht seo baintear úsáid as chun na bealaí éagsúla a léiriú agus a chur san áireamh ina ndéanann na mór-reiligiúin dhomhanda tagairt do Dhia/déithe/Tarchéimnitheacht. |
| **Ceist mhorálta** | Na ceisteanna sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt orainn féin nó ar dhaoine eile, bíodh sin maith nó olc. |
| **Cód morálta** | Riail nó rialacha lena rialaítear iompraíocht an duine agus ar féidir a leanúint, a cheistiú agus a athnuachan agus a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoi cad is iompraíocht mhorálta ann. |
| **Creidimh** | Is éard iad creidimh ná na smaointí agus na tuairimí a mheasann daoine iad a bheith fíor. Chun críche na sonraíochta, cuimsíonn creidimh creidimh reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha, ach amháin sa chás ina ndéantar tagairt shonrach do chreidimh reiligiúnacha. |
| **Creidimh neamhreiligiúnacha** | Baineann siad le creidimh nach bhfuil baint acu le reiligiún nó nach bhfuil bunaithe i gcreideamh i nDiagacht (m.sh. Daonnachas agus Aindiachas). |
| **Dearcadh ar an domhan** | Ciallaíonn*Dearcadh ar an domhan* an chaoi ina mbraitheann agus ina léirmhíníonn duine an domhan agus taithí saoil. Dearcadh roinnte, stairiúil, comhtháite a bhíonn i gceist le dearcadh ar an domhan. D'fhéadfadh dearcadh reiligiúnach nó neamhreiligiúnach a bheith i gceist agus is féidir athrú teacht orthu le himeacht aimsire mar fhreagairt ar rudaí a tharlaíonn. |
| **Deasghnátha** | Na traidisiúin, na nósanna agus na gníomhartha a dhéanann teaghlach, pobal nó sochaí arís agus arís eile. |
| **Deasghnáth neamhreiligiúnach** | Cleachtas nach bhfuil gné reiligiúnach ná spioradálta ag baint leis ach a bhféadfadh brí shiombalach a bheith leis mar sin féin (m.sh. i spóirt nó i réimsí cultúrtha). |
| **Deasghnáth reiligiúnach** | Searmanas ina ndéantar roinnt gníomhartha in ord ar leith a bhfuil luach reiligiúnach agus siombalach ag dul leo. |
| **Eiticiúil** | Tagraíonn an téarma seo do na bealaí cuí nó na gnáthbhealaí iompraíochta i gcultúir áirithe/sa tsochaí atá ann ar mhaithe le dul chun cinn na ndaoine a bhaint amach. Glactar leis go dtagraíonn 'eiticiúil' don streachailt ar son beatha mhaith, agus go bhfuil sé níos uileghabhálaí ná moráltacht, a shainaithníonn cad atá ag dul uainn do dhaoine eile, .i. oibleagáid mhorálta. |
| **Fianaise ailtireachta** | Chun críche na sonraíochta, tagraíonn an téarma 'fianaise ailtireachta' d'fhoirgnimh agus struchtúir fhisiciúla. |

| | |
|---|---|
| **Fianaise ealaíonta** | Chun críche na sonraíochta, tagraíonn an téarma 'fianaise ealaíonta' do shaothar arna dhéanamh ag ealaíontóir/ceardaí/ceoltóir. |
| **Fianaise sheandálaíochta** | Chun críche na sonraíochta, tagraíonn an téarma 'fianaise sheandálaíochta' d'iarsmaí saolta de bheatha an duine (amhail leachtanna cuimhneacháin, déantúsáin agus iarsmaí fisiciúla eile). |
| **Ionad adhartha foirmeálta** | Foirgneamh saindeartha ina dtagann daoine le chéile chun adhradh a dhéanamh le chéile, amhail séipéal, sionagóg, teampall nó mosc. |
| **Ionaid bheannaithe** | Ionaid a mheastar a bhfuil beannaitheacht nó naofacht ag baint leo agus a chomhlíonann cuspóir reiligiúnach. Cuimsíonn ionaid bheannaithe go leor áiteanna difriúla (m.sh. aibhneacha, sléibhte, toibreacha, láithreacha adhlactha, foirgnimh, scrínte). I gcomhthéacs na sonraíochta seo tagraíonn 'ionaid bheannaithe' dóibh siúd a bhfuil nasc acu leis na cúig mhór-reiligiún dhomhanda. |
| **Luachanna** | Caighdeáin nó idéil a spreagann iompraíocht; an breithiúnas a thugann duine maidir leis na rudaí atá tábhachtach sa saol. |
| **Morálta** | Baineann sé le cad 'ba cheart' a dhéanamh; cad é an rud ceart agus cad é an rud mícheart (go minic bíonn treoir le fáil i gcód morálta nó i bprionsabail mhorálta). D'fhéadfadh sé go dtagann moráltacht duine, grúpa nó sochaí ó spreagadh reiligiúnach, ach d'fhéadfadh sé teacht ó fhoinsí eile chomh maith, foinsí inmheánacha san áireamh (amhail saoirse agus coinsias an duine). |
| **Mórcheisteanna** | Buncheisteanna a bhaineann le tóraíocht bhrí an duine. Is ceisteanna comónta na ceisteanna seo (bíonn siad ag gach duine); is croícheisteanna iad (cabhraíonn siad linn le tuiscint a fháil orainn féin agus ar an domhan); agus is ceisteanna conspóideacha iad (d'fhéadfaí iad a thuiscint ar bhealaí éagsúla) amhail cén fáth a bhfuilimid anseo? Conas ba cheart dúinn maireachtáil? Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás? srl. |
| **Mór-reiligiúin dhomhanda** | Chun críoch na sonraíochta seo, tagraíonn 'mór-reiligiúin dhomhanda' do Bhúdachas, Críostaíocht, Hiondúchas, Ioslam agus Giúdachas. |
| **Paidreoireacht** | Léiriú meabhrach nó glórach ag impí ar dhia nó ar chumhacht lasmuigh den duine. Tá go leor bealaí ann lena bhféadfaí paidreoireacht a dhéanamh—go ciúin (amhail machnamh) nó labhartha/canta, ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile agus d'fhéadfaí é a dhéanamh chun moladh, buíochas, achainí, brón, srl a chur in iúl. |
| **Pobal creidimh** | Grúpa daoine ag a bhfuil an traidisiún reiligiúnach céanna, a bhfuil creidimh, cleachtais agus scéalta léirmhínithe comónta acu (m.sh. sainaicmí, eagraíochtaí reiligiúnacha, oird rialta). I gcomhthéacs na sonraíochta seo, baineann an téarma le pobail chreidimh a bhfuil nasc acu leis na cúig mhór-reiligiún dhomhanda a ainmnítear thíos. |
| **Spioradálta** | Mothaíonn an duine gaolmhaireacht le rud níos mó ná é/í féin. Do roinnt daoine, d'fhéadfadh sé go mbeidh baint ag an tuiscint atá acu ar an Diagacht leis seo. Do dhaoine eile gaol le cumhacht nó láithreacht atá i gceist. Déantar iarracht saol spioradálta a chothú i ngach reiligiún, cé go bhféadfadh spioradálta tagairt a dhéanamh do rud eile seachas comhcheangal reiligiúnach. Tagraíonn sé do cháilíocht nach mbaineann le cúrsaí an tsaoil laethúil, ach a bhaineann le streachailt ar mhaithe le hinspioráid, urraim, iontas, brí agus cuspóir. |
| **Téacsanna beannaithe** | Téacsanna ar meastar iad a bheith ina mbuntéacsanna agus/nó lárnach i gcleachtas a gcreideamh i dtraidisiúin reiligiúnacha; meastar go bhfuil údarás leo agus go nochtar briathar Dé/an Diagacht/an Tarchéimnitheacht iontu. I gcomhthéacs thoradh foghlama 1.9 tagraíonn téacs beannaithe don Bhagavad Gita, do Shoiscéil an Tiomna Nua, don Chórán, don Tórá agus don Tripitaka. |

# Aguisín B: Gluais de bhriathra gnímh

| Briathra gnímh | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Aithin** | fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint |
| **Anailísigh** | staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí |
| **Ceap** | rud éigin a phleanáil, a chruthú nó a chur le chéile trí mhachnamh domhain a dhéanamh |
| **Cosain** | cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid |
| **Cruthaigh** | rud a thabhairt chun bheith; tabhairt ar rud éigin tarlú de bharr gníomhaíochtaí duine |
| **Cuir i láthair** | rud a thaispeáint ionas gur féidir le daoine eile é a scrúdú |
| **Cuir le chéile** | gnéithe éagsúla a tharraingt le chéile chun rud iomlán a chruthú |
| **Cuir síos** | tuairisc a thabhairt, i bhfocail, líníochtaí nó íomhánna, maidir le príomhphointí an ábhair |
| **Dealaigh** | an méid a dhéanann rud éagsúil a aithint nó a oibriú amach |
| **Déan comparáid** | cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus/nó ar na difríochtaí idir dhá (nó níos mó) rud, dearcadh nó seasamh, ag tagairt don dá cheann acu/ dóibh uile síos tríd |
| **Déan critíc ar** | gnéithe dearfacha agus diúltacha a lua maidir le, mar shampla, smaoineamh, dearcadh nó ócáid ag tabhairt cúiseanna |
| **Déan díospóireacht** | dearcadh nó argóint a leagan amach faoi ábhar a bhfuil tuairimí difriúla ann ina leith, agus cruthúnas a sholáthar don seasamh sin |
| **Déan suirbhé** | scrúdú nó tomhas a dhéanamh ar bhealach mionsonraithe |
| **Déan taighde** | eolas oiriúnach a fháil, a chur in eagar, a thaifeadadh, a anailísiú agus conclúidí a bhaint as |
| **Fiosraigh** | dlúthbhreathnú córasach a dhéanamh ar rud chun rud éigin a fháil amach; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh |
| **Iniúch** | breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus chun teacht ar chruthúnas tacaíochta do chonclúidí |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** | luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air |
| **Liostaigh** | tabhair roinnt pointí nó fíoras, gan aon mhíniú breise |

| | |
|---|---|
| **Luaigh** | ráiteas achomair a thabhairt gan mórán argóint tacaíochta nó gan aon argóint tacaíochta |
| **Machnaigh** | machnamh meabhraitheach cúramach a dhéanamh ar a thaithí, chreidimh agus eolas chun léargas nua a fháil agus chun brí dá chuid féin a bhaint as |
| **Meas** | scileanna breithiúnais agus meastóireachta a thaispeáint, ag déileáil go cothrom le tuairimí difriúla |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** | machnamh a dhéanamh ar an suntasacht a bhaineann le rud éigin |
| **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** | fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna |
| **Mínigh** | tugtar níos mó ná liosta fíricí/smaointe le fios: ní mór na cúiseanna nó an fáth taobh thiar de na fíricí/smaointe sin a thabhairt chomh maith |
| **Mol (comhairligh)** | rud a chur chun tosaigh agus é faofa mar rud a bheadh oiriúnach le haghaidh cuspóir airithe |
| **Pléigh** | fiosrú a dhéanamh faoi choincheapa, tuiscintí nó dearcadh eile ar ábhar agus a chonclúid/dhearcadh féin a fhorbairt, a mbeidh fianaise nó cúiseanna cuí mar thaca leis. |
| **Rianaigh** | forbairt smaointe, creidimh, cleachtais, ócáide srl. a leagan amach ar bhealach croineolaíoch |
| **Sainaithin** | fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair |
| **Scrúdaigh** | argóint nó coincheap a fhiosrú/a imscrúdú ar bhealach a nochtann an bunús, na toimhdí agus na caidrimh atá mar bhonn leis |
| **Sintéisigh** | gnéithe/smaointe difriúla a tharraingt le chéile d'fhonn teacht ar thuiscint nua |
| **Tabhair breac-chuntas** | na príomhphointí a bhaineann le hábhar a thabhairt; gan ach na pointí riachtanacha a thabhairt |
| **Tabhair le fios** | réiteach, hipitéis nó freagra féideartha eile a mholadh |
| **Téigh i ngleic le** | páirt a ghlacadh i rud éigin, ag ligean dó d'aird agus do spéis a tharraingt |

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

© 2018 Government of Ireland

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS